Fada cuirthear clú deise

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 70]

Domhnall Mac Eochaidh .cc.

1 Fada cuirthear clú deisi,
dáil a nduas dá inneisi;
dréim re seanuibh is dú dháibh,
clú ní dleaghair gan díoghbháil.

2 Clú Émuinn dá reic reimhe
fuair Gearalt mar ghuaillidhe;
fada bhias a gclú ar cuimhne,
in dias dár gcrú Criomhthuinn-ne.

3 Maoine Gearailt riú dá roinn
do thnúth ré hoinioch Émoinn;
fuidheall séd ag síol Labhraidh,
ná bíodh éd ar ollamhnoibh.

4 Ní cuairt nách tiobhra a toradh
d’éis Bhanbha do bhreathnughadh;
téid an riar a lagh Laighneach,
ní an cliar ré comhairleach.

5 Mó ná sin a ndíoth ré dáimh,
dáil a gcruidh do chloinn Sheaáin;
tug béim ar bhronntaibh do bhoing
a mbronntair ó fhréimh Raghnuill.

6 Ní fríoth go hÉmann d’fhaigsin
fosaidh gliadh ón Ghearailt-sin;
gi-bé dhíobh d’iath as usa,
díol a fhiach ní hurusa.

7 Do lucht eóluis Fhuinn Fhuinidh
ceisd as oirchios d’fhiafruighidh:
cia as orradh béime do bhuing
ar bhronnadh fhréimhe Raghnuill?

8 Gan Ghearalt do bhreith a bhairr
béim doiligh d’oinioch Émuinn;
ar réir ’na cheann mun gcuirtear,
ar gheall don chléir comhailltear.

9 Fiafruigh do shluagh na sleagh sean
tar uaislibh innsi Gaoidheal,
cionnus fríoth lé féin Laighean

géill na gcríoch nár cuartaigheadh.

10 Fiú a raibh as gach énaird ann
a réir nárbh éidir d’Émann;
do-cháidh lé tighe an teaghlaigh
dáil dighe tar dáileamhnuibh.

11 Muna measdar Tír fá Thuinn
re Laighnibh na learg n-áluinn,
láimh re mín Moighe Life
tír oile ní háirmhighthe

12 Níor scaoilte mar scél naoidhe
ré [a] bhfuair d’adhbhar égcaoine
gan iongnadh a gcaoi dá gcluin
ag mnaoi bhiodhbhadh in Bhranuigh.

13 Clann Seaáín do choimhdhe cáigh,
a ndíol ar-aon níorbh fholáir;
cuiridh sé in síodh [ó] ar-oile,
gi-bé dhíobh do diúltfoidhe.

14 Dob fhearr teacht ar a thoil-féin,
a fhir lér mhian é d’aimhréir;
ní a mbeirt ágha as usa
ceilt chára an í Chonla-sa.

15 Ní an a n-áth ré faigsin
do ghuais ghliadh in Ghearailt-sin;
rún moille a n-iorghuil ní fhuil
ag biodhbhaidh cloinne Criomhthuin.

16 Feadh cliathcha níor chuir a suim
ar leigeadh a leith Émuinn;
ní bhiadh snámh re hais eathair.
a n-ágh lais ag Laighneachuibh.

17 Do Ghearalt má léigthear libh,
mur théid ina thruaill ghaisgidh,
tós gliadh romhuibh do rochtuin,
a n-iar oruibh d’iomarcuidh.

18 Do-chóidh gan a chur a suim
lé mbí at fhochair, a Émuinn;
ní beag do bhreith ar t’fhalaidh
bheith san teag ’na ttángabhair.

19 Dob fhiú a ttrom, a Émuinn, ort

roinn uait go n-oighbhe Gearalt;
dá bhrígh sin scaoiltear in seol,
sibh a n-aointeagh ní fhéadtor.

20 Tarla do ró oinigh ann
’na luighe nár iar Émann;
níor chuir sé uain ar eineach,
dá mbé uair gan impeidheach.

21 Fleadh do dhul tar am a hóil
fríoth uait, a Émuinn, d’onóir;
go breith uirre don fhilidh,
h’uille ’na leith leigfidhir.

22 Iomdha a scél lé chur a gcairt
tar éis fhoghla ar fhéin Ghearailt;
fada a n-oilithre ó fhiadh Breagh,
coimhighthe t’fhian sul fhilltear.

23 Tearc bean ar aoinmhéin anas,
a toil aice a n-amhoras;
cia agaibh dá ttibhreadh toil
ní adaimh inghean d’athair.

24 Luath ar éigsibh Innsi hAirt
ní thort ghébhus a Ghearailt;
teacht romhuibh do chléir chuige,
béim oruibh ní husaide.

25 Anaidh lé scoltadh sciath ndonn
Gearalt mur budh é Émonn;
ní fhóir liaigh ná luibh eise
guin a ndiaidh na deisi-si.

26 Émann dá tteagmhadh ’na thocht,
minic fonn gliadh ar Ghearolt;
guais dá rann díobh do dhénamh,
síodh an t-am do aidémhadh.

27 Do chuimhnigh in riar reimhe,
níor an re huair n-áireidhe;
lá coinne ag aoighidh ní fhuil
ré maoinibh cloinne Criomhthuin.

28 Dlighid cuimhne ar chóir a sean,
a tobhach is díobh dlighthear;
ré fonn Danar ní dheachaidh
glanadh long do Laighneachuibh.

29 Ní hé as rún do dháimh dhoiligh
triall uatha ré [a] ttathuighidh;
fear a heóil ó fhéin Laighion
dá dheóin féin ní féadfaidhior.

30 Gan iad ar éntoil d'fhagháil,
ní husaide a n-iongabháil;
meanma troda ag duine dhíobh,
duine lé hoba n-eissíodh.

31 Go ham in fheadhma níor nocht,
fios a bhuadh do bhí ag Gearalt,
ainm na ríghe ina raibhe
a líne an airm órdhuidhe.